Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13263/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0294 (NLE)**

**ACP 89**
**WTO 82**
**COAFR 247**
**RELEX 1226**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 532 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, arna mbunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a ghlacadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 532 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 532 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2025
COM(2025) 532 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, arna mbunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a ghlacadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE**

**<u>IARSCRÍBHINN 1</u>**

DRÉACHT

MOLADH Uimh. …/2025

Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE (CCE) IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE

an …

maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE

TÁ COISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), bunaíodh Coiste Comhairleach CCE agus é de chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin gComhaontú;

(2) Foráiltear le hAirteagal 108(2) 'cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d'fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú',

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

*Airteagal 1*

Áireofar ar Choiste Comhairleach CCE (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta arna roghnú ag Comhairle CCE i gcomhréir le hAirteagal 2 den mholadh seo

*Airteagal 2*

1. Áireofar ar an gCoiste comhaltaí de na Grúpaí Comhairleacha Baile arna mbunú ag gach ceann de na Páirtithe.

2. Molfaidh gach Páirtí ionadaithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun ionadaíocht leordhóthanach agus chothrom na nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach a áirithiú.

3. I gcomhréir le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar na heagraíochtaí neamhspleácha seo a leanas:

   (a) eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha,

   (b) eagraíochtaí gnó agus fostóirí,

   (c) ceardchumainn, atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí forbartha inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí eile.

4. Feidhmeoidh ionadaithe roghnaithe ar feadh thréimhse a mballraíochta sa Ghrúpa Comhairleach Baile faoi seach. Áiritheofar saineolas ábhartha agus ionadaíocht leathan ón earnáil.

5. Chun críoch an mholta seo, áirítear le ‘eagraíochtaí na sochaí sibhialta’ institiúidí, comhlachais, fondúireachtaí, grúpaí abhcóideachta agus eintitis eile de chineál neamhrialtasach a bhfuil aidhm neamhbhrabúsach acu agus atá in ann comhairle a thabhairt nó faisnéis speisialaithe a sholáthar maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú, chomh maith le hionadaithe ón bpobal acadúil.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh Comhairle CCE liosta na mbuanchomhaltaí arna moladh ag Poblacht na Céinia agus ag an Aontas faoi seach a phlé agus a fhormheas go gasta.

2. Féadfaidh Comhairle CCE liosta chomhaltaí an Choiste a mhodhnú nó a chomhtháthú nuair is gá.

3. Ní chuirfidh aon fholúntas i gcomhaltas an Choiste comhdhéanamh an Choiste ó bhailíocht ná ní dhéanfaidh sé dochar do cheart na gcomhaltaí eile gníomhú.

**IARSCRÍBHINN 2**

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. …/2025

Ó CHOMHAIRLE CCE ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE (CCE) IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE

an …

maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE

TÁ COMHAIRLE CCE,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), bunaíodh Coiste Comhairleach CCE agus é de chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin gComhaontú;

(2) Foráiltear le hAirteagal 108(2) ‘cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d’fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú’;

(3) Agus an Moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir le rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE á chur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Áireofar ar Choiste Comhairleach CCE (dá ngairtear ‘an Coiste’ anseo feasta) ionadaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta arna roghnú ag Comhairle CCE i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Áireofar ar an gCoiste comhaltaí de na Grúpaí Comhairleacha Baile arna mbunú ag gach ceann de na Páirtithe.

2. Molfaidh gach Páirtí ionadaithe d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun ionadaíocht leordhóthanach agus chothrom na nGrúpaí Comhairleacha Baile faoi seach a áirithiú.

3. I gcomhréir le hAirteagal 108 den Chomhaontú, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar na heagraíochtaí neamhspleácha seo a leanas:

   (a) eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha,

   (b) eagraíochtaí gnó agus fostóirí,

(c) ceardchumainn, atá gníomhach maidir le cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí forbartha inbhuanaithe, cúrsaí sóisialta, cearta an duine, cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí eile.

4. Feidhmeoidh ionadaithe roghnaithe ar feadh thréimhse a mballraíochta sa Ghrúpa Comhairleach Baile faoi seach. Áiritheofar saineolas ábhartha agus ionadaíocht leathan ón earnáil.

5. Chun críoch an Chinnidh seo, áirítear le 'eagraíochtaí na sochaí sibhialta' institiúidí, comhlachais, fondúireachtaí, grúpaí abhcóideachta agus eintitis eile de chineál neamhrialtasach a bhfuil aidhm neamhbhrabúsach acu agus atá in ann comhairle a thabhairt nó faisnéis speisialaithe a sholáthar maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú, chomh maith le hionadaithe ón bpobal acadúil.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh Comhairle CCE liosta na mbuanchomhaltaí arna moladh ag Poblacht na Céinia agus ag an Aontas faoi seach a phlé agus a fhormheas go gasta.

2. Féadfaidh Comhairle CCE liosta chomhaltaí an Choiste a mhodhnú nó a chomhtháthú nuair is gá.

3. Ní chuirfidh aon fholúntas i gcomhaltas an Choiste comhdhéanamh an Choiste ó bhailíocht ná ní dhéanfaidh sé dochar do cheart na gcomhaltaí eile gníomhú.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

**IARSCRÍBHINN 3**

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. …/2025

Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE (CCE) IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE

an …

a mhéid a bhaineann lena chomhaontú maidir le rialacha nós imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh

TÁ COISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), bunaíodh Coiste Comhairleach CCE agus é de chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin gComhaontú.

(2) Foráiltear le hAirteagal 108(4) den Chomhaontú go nglacfaidh Coiste Comhairleach CCE a rialacha nós imeachta i gcomhaontú le Coiste na nOifigeach Sinsearach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Comhaontaíonn Coiste na nOifigeach Sinsearach dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), go nglacfaidh Coiste Comhairleach CCE a rialacha nós imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

**IARSCRÍBHINN 4**

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. …/2025

Ó CHOISTE COMHAIRLEACH CCE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE (CCE) IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE

an …

maidir lena Rialacha Nós Imeachta

TÁ COISTE COMHAIRLEACH CCE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), arna shíniú in Nairobi an 18 Nollaig 2023, agus go háirithe Airteagal 108 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 108(1) den Chomhaontú, bunaítear Coiste Comhairleach CCE.

(2) De bhun Airteagal 108(4) den Chomhaontú, tá Coiste Comhairleach CCE lena Rialacha Nós Imeachta féin a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar síos Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

[1] IO AE L, 2024/1648, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj.

IARSCRÍBHINN

Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE

arna bhunú le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile

*Airteagal 1*

Ról Choiste Comhairleach CCE

An Coiste arna bunú de bhun Airteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), tá sí freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 108(1) den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

1. De bhun Airteagal 108(2) den Chomhaontú, cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d'fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú.

2. Beidh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó Phoblacht na Céinia ina gcomhchathaoirligh ar Choiste Comhairleach CCE

3. De bhun Airteagal 108(3), freastalóidh ionadaithe na bPáirtithe ar chruinnithe de Choiste Comhairleach CCE.

4. Déanfaidh gach Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh ar a bhfuil sé de chúram comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Choiste Comhairleach CCE thar ceann an Pháirtí sin. Measfar go bhfuil an t-údarás ag an oifigeach sinsearach sin ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi Chomhchathaoirleach nua.

*Airteagal 3*

An Rúnaíocht

1. Oifigigh ón roinn atá freagrach as Trádáil de chuid gach Páirtí, is iadsan a bheidh ina Rúnaíocht ar Choiste Comhairleach CCE.

2. Tabharfaidh gach páirtí fógra don pháirtí eile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht Choiste Comhairleach CCE thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach sin a bheith fós ag gníomhú mar chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi chomhalta nua.

*Airteagal 4*

Cruinnithe

1. Tiocfaidh Coiste Comhairleach CCE le chéile uair sa bhliain, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus in Nairobi, mura gcomhaontóidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

3. Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, is eisean a dhéanfaidh an cruinniú a thionól.

4. Féadfar cruinniú a thionól ar an láthair, trí fhíschomhdháil nó ar aon mhodh eile a chomhaontóidh na páirtithe.

*Airteagal 5*

Toscaireachtaí

Tréimhse réasúnta ama roimh aon chruinniú, déanfaidh an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí Choiste Comhairleach CCE thar ceann gach Páirtí an t-oifigeach atá ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí eile a chur ar an eolas faoin gcomhdhéanamh atá beartaithe le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Céinia faoi seach. Sna liostaí sin sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

*Airteagal 6*

An clár oibre le haghaidh na gcruinnithe

1. 21 lá ar a laghad roimh chruinniú, seolfaidh comhalta de Rúnaíocht Choiste Comhairleach CCE an Pháirtí atá ina óstach don chruinniú togra le haghaidh clár oibre sealadach chuig an bPáirtí eile, maille le sprioc-am chun barúlacha a thabhairt. Déanfaidh Rúnaíocht Choiste Comhairleach CCE an clár oibre sealadach a tharraingt suas 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, agus na barúlacha á gcur san áireamh.

2. Glacfaidh Coiste Comhairleach CCE an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach.

*Airteagal 7*

Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh Comhchathaoirligh Choiste Comhairleach CCE, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe de Choiste Comhairleach CCE chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú a bhaineann leis na hábhair shonracha sin.

*Airteagal 8*

Miontuairiscí

1. An t-oifigeach atá ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, dréachtóidh sé dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú

laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

   (a) na doiciméid ar fad arna gcur faoi bhráid Choiste Comhairleach CCE;

   (b) aon ráiteas a d'iarr Comhchathaoirleach de chuid Choiste Comhairleach CCE a chur leis na miontuairiscí; agus

   (c) na cinntí a rinneadh chun a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh nó a leasú, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith míreanna sonracha.

3. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha agus theidil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag cruinniú Choiste Comhairleach CCE, mar aon le cáil na ndaoine sin.

4. Déanfaidh an Rúnaí na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile arna chomhaontú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, bunóidh an Rúnaíocht dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.

*Airteagal 9*

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh Coiste Comhairleach CCE cinntí a ghlacadh mar a fhoráiltear in Airteagal 108(4) den Chomhaontú agus moltaí dá bhforáiltear in Airteagal 108. Glacfaidh Coiste Comhairleach CCE cinntí agus moltaí trí chomhaontú frithpháirteach.

2. I gcás ina dtugtar de chumhacht do Choiste Comhairleach CCE faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha seo, faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht Choiste Comhairleach CCE sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

3. Leagfar na cinntí nó moltaí arna nglacadh ag Coiste Comhairleach CCE síos i ndúblach, fíordheimhneoidh na Comhchathaoirligh iad agus seolfar cóip amháin do gach Páirtí.

*Airteagal 10*

Trédhearcacht

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.

2. Féadfaidh le gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 108 den Chomhaontú agus moltaí Choiste Comhairleach CCE a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. Ba cheart a mheas gur faisnéis rúnda atá sna doiciméid ar fad arna gcur isteach ag aon Pháirtí, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt.

4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcruinnithe ar fáil go poiblí roimh gach cruinniú de chuid an Choiste. Cuirfear miontuairiscí na gcruinnithe ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

*Airteagal 11*

Teangacha

Béarla a bheidh mar theanga oibre ag Coiste Comhairleach CCE.

*Airteagal 12*

Caiteachais

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon caiteachas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe Choiste Comhairleach CCE, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas fís-chomhdhálacha, teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad.

3. Is é an Páirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe chun ateangaireacht a dhéanamh go dtí teanga oibre Choiste Comhairleach CCE agus aisti.

*Airteagal 13*

Leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ó Choiste Comhairleach CCE i gcomhréir le hAirteagal 108(4).